



Preasráiteas

Lucsamburg, 30 Meitheamh 2022

Feictear do na hiniúcháirí Eorpacha go bhfuil rioscaí féideartha ag gabháil leis an gcaoi a mbíonn sainchomhairleoirí seachtracha in úsáid ag an gCoimisiún.

An bealach a mbíonn an Coimisiún Eorpach ag fostú agus ag úsáid sainchomhairleoirí seachtracha, ní chinntíonn sé go bhfaightear an luach is fearr ar airgead ná ní dhéanann sé leasanna an Aontais a choimirciú; sin de réir tuarascáil atá foilsithe inniu ag Cúirt Iniúcháirí na hEorpa. Tá bearnaí suntasacha sa chreat lena rialaítear úsáid na seirbhísí sin agus d'fhéadfadh na bearnaí sin rioscaí a chothú a bhaineann le líon na soláthraithe seirbhíse atá ar fáil, róspleáchas a bheith ann agus coinbhleachtaí leasa – rudaí nach bhfuil faireachán leordhóthanach á dhéanamh orthu. Luann na hiniúcháirí freisin go bhfuil laigí sa chaoi a n-oibríonn na sainchomhairleoirí agus sa chaoi a ndéantar an breisluach a ghabhann leo a mheasúnú.

Fuair na hiniúcháirí amach nach bhfuil córas faisnéise an Choimisiúin Eorpaigh in ann léargas iomlán a thabhairt ar an gcaoi a mbíonn sainchomhairleoirí seachtracha in úsáid ag an gCoimisiún. Fós is deimhin gur mó atá an Coimisiún ag úsáid sainchomhairleoirí seachtracha chun seirbhísí éagsúla comhairleacha agus tacaíochta a dhéanamh. Le blianta beaga anuas, chuir sé thart ar €1 bhiliún amach ar conradh le haghaidh réimse leathan seirbhísí den sórt sin ag clúdach obair chomhairliúcháin, staidéir, meastóireachtaí agus gníomhaíochtaí taighde. Bíonn soláthraithe seachtracha páirteach go príomha i gcur chun feidhme na nithe seo a leanas: beartas comharsanachta agus beartas méadaithe an Aontais, comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta, ionstraimí faoin mbeartas eachtrach, agus gníomhaíochtaí comhshaoil agus aeráide. Sheiceáil na hiniúcháirí ar éirigh leis an gCoimisiún Eorpach luach ar airgead a fháil agus a leasanna a choimirciú.

“Bíonn sé úsáideach agus amanna riachtanach cúraimí áirithe a chur amach ar conradh”, arsa François-Roger Cazala, an Comhalta den Chúirt atá freagrach as an iniúcháireacht seo. “Ach ba cheart don Choimisiún Eorpach deimhin a dhéanamh de go bhfaigheann sé an luach is fearr ar an airgead a íocann sé. Teastaíonn tuilleadh trédhearcachta agus cuntasachta i dtaobh na gcúraimí is féidir a chur amach ar conradh agus faoin gcaoi a ndéantar riosca a bhainistiú a mhéid a

Is é is cuspóir don phreasráiteas seo ná príomhtheachtaireachtaí na tuarascála speisialta ó Chúirt Iniúcháirí na hEorpa a chur in iúl. Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ag eca.europa.eu.

ECA Press

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Luxembourg

E: press@eca.europa.eu @EUAuditors eca.europa.eu

bhaineann le líon na soláthróirí, róspleáchas agus coinbhleachtaí leasa. Tá súil agam go gcuideoidh ár dtuarascáil le riarachán an Aontais dul sa treo sin.”

D’aimsigh na hiniúcháirí bearnaí sa chreat lena rialaítear an chaoi a bhfostaítear sainchomhairleoirí seachtracha. Go háirithe, i gcás seirbhísí comhairliúcháin agus taighde – a sheasann do bheagnach 80% den mhéid a chuirtear amach ar Conradh – níl aon treoraíocht ann faoina mhéid a d’fhéadfaí tascanna a eisfhoinsiú, faoin gcaoi a ndéantar seirbhísí sainchomhairleoirí seachtracha a shainiú ná faoi na cumais agus na hacmhainneachtaí ba cheart a choinneáil laistigh den eagraíocht. Sa bhreis air sin, i gcás cuid de na seirbhísí comhairliúcháin a fhaightear chun tascanna a dhéanamh a bhíonn le cur i gcrích arís agus arís eile, ní dhéanann an Coimisiún anailís ar chostais agus tairbhí ná anailís ar riachtanais lena mheas cad iad na tuillteanais ar leith atá ann le bheith ag brath ar sholáthraithe seachtracha seachas ar fhoireann inmheánach sula ndéantar iarrataí soláthair nua a sheoladh.

Cé gur measadh gurbh iomchuí na critéir a úsáideadh chun na tairiscintí buaiteacha a roghnú, ní dhearna an Coimisiún faireachán agus bainistiú leordhóthanach ar rioscaí tábhachtacha a ghabhann le sainchomhairleoirí seachtracha a úsáid. Áirítear orthu sin na rioscaí de chomhchruinniú soláthróirí agus de róspleáchas ar líon réasúnta beag soláthraithe seirbhíse. In imeacht na tréimhse faoi anailís, bhí 2 769 sainchomhairleoir seachtracha ar Conradh ag an gCoimisiún Eorpach. Ach bhí na deich soláthróir is mó ag fáil 22 % (thart ar €600 milliún) d’iomlán na suimeanna a cuireadh amach ar Conradh i rith na tréimhse faoi iniúcháireacht. I bhfocail eile, tá cuid de na ranna sa Choimisiún ag brath go forleiththeadach ar líon réasúnta beag conraitheoirí. Ní hannamh le soláthróirí amháin conarthaí a ghnóthú ceann i ndiaidh a chéile ar feadh roinnt blianta, cé go ndéantar nósanna imeachta tairisceana oscailte a eagrú go tráthrialta.

Leis an riosca go mbeadh comhchruinniú de líon beag sainchomhairleoirí seachtracha ann, tagann an riosca gur mó rath i ngnóthachan conarthaí a bheidh ar sholáthróirí áirithe a bhfuil taitheí fhorleathan acu de bheith ag obair leis an gCoimisiún. Mar léiriú air sin, fuair na hiniúcháirí Eorpacha amach go raibh cuid de na soláthróirí ag cur teaghlaim de sheirbhísí comhairleacha, cur chun feidhme agus meastóireachta ar fáil d’ardstúirtheacht amháin sa Choimisiún agus go bhféadfadh sé sin buntáiste iomaíoch a thabhairt dóibh mar go bhfuil siad bainteach le dearadh, cur chun feidhme agus meastóireacht an bheartais chéanna de chuid an Aontais. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun coinbhleachtaí leasa a d’fhéadfadh tarlú a bhrath agus a chosc. Ach is seiceálacha foirmiúla iad sin den chuid is mó, agus ní féidir leo – astu féin – a chinntiú go ndéileáiltear le rioscaí de choinbhleachtaí leasa.

Ag breathnú ar chonarthaí aonair dóibh, admhaíonn na hiniúcháirí Eorpacha go seiceálann an Coimisiún go ndéanann sainchomhairleoirí seirbhísí a thabhairt i gcrích ar an gcaighdeán is gá sula ndéantar íocaíochtaí. Ach cuireann siad i bhfios nach ndearna an Coimisiún measúnú ar bhonn comhleanúnach ar fheidhmíocht na sainchomhairleoirí seachtracha, taobh amuigh den fheidhmíocht i gcás staidéar agus meastóireachtaí. Níl ach cuid de na hardstúirtheachtaí a bhfuil próisis i bhfeidhm acu chun “ceachtanna a fhoghlaim” ó dheacrachtaí leis na soláthraithe nó chun meastóireachtaí *ex post* a dhéanamh ar chostas agus tairbhe. Agus nuair a dhéantar na rudaí sin, ní bhailítear an fhaisnéis ar chóras lárnach a d’fhágfadh go bhféadfaí an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na torthaí a chuireann sainchomhairleoirí seachtracha ar fáil. Dar leis na hiniúcháirí, laghdaíonn sé sin cumas an Choimisiúin réimsí féideartha feabhais a shainiú. Méadaíonn sé freisin an riosca go ndéanfaí sainchomhairleoirí a bhí ag feidhmiú go lag roimhe sin a athfhostú.

I bhfianaise go mbaintear úsáid fhorleiththeadach as sainchomhairleoirí seachtracha, iarrann na hiniúcháirí Eorpacha ar an gCoimisiún Eorpach feabhas a chur ar an gcaoi a mbainistíonn sé an úsáid a bhaintear astu. Iarrann siad freisin ar an gCoimisiún trédhearcacht a mhéadú trí thuairisciú go tráthrialta agus go cruinn ar an úsáid a bhaineann sé as seirbhísí sainchomhairleoirí seachtracha.

Faisnéis chúlra

Clúdaíonn an t-iniúchadh seirbhísí sainchomhairleoirí seachtracha a bhí maoinithe as buiséad an Aontais agus a bhí faighte ar conradh ag an gCoimisiún Eorpach idir 2017 agus 2019, agus a bhí taifeadta ag an gCoimisiún mar chomhairliúchán, staidéar, meastóireacht nó taighde. Baineadh úsáid as faisnéis ábhartha i dtaobh úsáid sainchomhairleoirí seachtracha a tháinig ar an bhfód le déanaí nuair a measadh gurbh iomchuí é sin a dhéanamh. Níor clúdaíodh seirbhísí comhairliúcháin TF san iniúchadh seo.

Chun teacht ar Thuarascáil speisialta 17/2022: *“Sainchomhairleoirí seachtracha ag an gCoimisiún Eorpach – Raon feidhme d’athchóiriú”*, téigh go dtí suíomh gréasáin na Cúirte Iniúcháirí (eca.europa.eu).

Teagmháil phreasa

Preasoifig Chúirt Iniúcháirí na hEorpa: press@eca.europa.eu

- Vincent Bourgeois: vincent.bourgeois@eca.europa.eu - Fón póca: (+352) 691 551 502
- Damijan Fišer: damijan.fiser@eca.europa.eu - Fón póca: (+352) 621 552 224
- Claudia Spiti: claudia.spiti@eca.europa.eu - Fón póca: (+352) 691 553 547